


An Dóigh a mBronnfar Cáilíochtaí Staidéir Gairme, Gairmcháilíochtaí agus Cáilíochtaí Leibhéil Iontrála i Samhradh 2021



Treoir do Dhaltaí

Tá a fhios againn gur tréimhse dheacair a bhí ann do dhaltaí le bliain anuas, mar gheall ar chur isteach ar an fhoghlaim agus ar chealú na scrúduithe agus na measúnithe foirmiúla. Tugann an treoir seo achoimre duit ar na chéad chéimeanna eile agus sonraí faoin dóigh a ngnóthóidh tú grád nó leibhéal do gach ceann de do chuid ábhar i mbliana.



Cad chuige an t-athrú?

An 6 Eanáir 2021, chealaigh an tAire Oideachais, Peter Weir CTR, gach scrúdú agus measúnú foirmiúil de chuid CCEA a bhí sceidealaithe do Shamhradh 2021. Ina áit sin, beidh an cur chuige maidir le do ghráid a bhronnadh i Samhradh 2021 bunaithe ar bhreithiúnais ghairmiúla do mhúinteoirí, le modhnóireacht. **Grád a Chinneann Lárionad** a thabharfar orthu seo.



Cé a gheobhaidh grád?

Bronnfar grád ar gach dalta a iontráladh do cháilíocht fhoriomlán in 2021 agus a iontráladh do na haonaid riachtanacha go léir, mar atá leagtha amach sa tsonraíocht.

Ní bhronnfar grád ar dhaltaí a bhfuil iontrálacha acu d'aonaid i Staidéar Gairme nó i nGairmcháilíochtaí, nach bhfuil gach rud atá riachtanach comhlánaithe acu curtha san áireamh (*no cash-in*) le cáilíocht fhoriomlán a ghnóthú i Samhradh 2021.

Is féidir teastais ar leibhéal aonaid a bhronnadh ar dhaltaí a bhfuil iontrálacha acu d'aonaid i gcáilíochtaí Leibhéil Iontrála nach bhfuil gach rud atá riachtanach comhlánaithe acu curtha san áireamh (*no cash-in*) do Shamhradh 2021. Bronnfar iad seo taobh amuigh den phríomhphróiseas bronnta. Cuirfidh do scoil nó do choláiste in iúl duit faoin dóigh ar féidir leat na teastais a fháil.



Cad é is Grád a Chinneann Lárionad ann?

Is é is Grád a Chinneann Lárionad ann ná breithiúnas ar an chaighdeán a bhfuil gach dalta ag feidhmiú aige, a mbaintear úsáid as ansin le grád deiridh cáilíochta a bhronnadh.

Lorgóidh do mhúinteoirí fianaise ar an obair atá déanta agat do gach ceann de do chuid ábhar, déanfaidh siad measúnú agus tabharfaidh siad grád oiriúnach duit. Bainfidh sé seo le gach ábhar do Cháilíochtaí Staidéir Gairme, Gairmcháilíochtaí agus Cáilíochtaí Leibhéil Iontrála.

Tá sé seo difriúil ón phróiseas a úsáideadh in 2020 nuair a iarradh ar mhúinteoirí tuar a dhéanamh ar an ghrád ba dhóchúil a bhainfeadh daltaí amach dá mbeadh an scrúdú déanta acu nó bheith ábalta measúnithe foirmiúla a dhéanamh.

Ní úsáidfear aon algartam.



Cén Dóigh a nGnóthóidh mé Grád a Chinneann Lárionad?

Cinnteadh do scoil nó do choláiste go bhfuil go leor eolais agat ar inneachar d'ábhair nó go bhfuil tú ábalta na scileanna riachtanacha a léiriú le Grád a Chinneann Lárionad a bhronnadh. Chuir CCEA treoir ar fáil do do scoil nó do choláiste cheana féin a leagann amach an dóigh ar chóir do mhúinteoirí a gcur chuige maidir le measúnú agus dearbhú cáilíochta a fhorbairt.

Ansin roghnóidh siad samplaí cuí de do chuid oibre – ar a dtugtar fianaise – le do ghrád a chinneadh.

Tá a fhios againn gur chuir an phaindéim isteach ar theagasc agus ar fhoghlaim na ndaltaí. Tá aghaidh á tabhairt ar am teagaisc agus foghlama a cailleadh tríd an tsolúbthacht a bheith ag do scoil leis an dóigh a ndéanfar measúnú ort agus na réimsí a ndéanfar measúnú ort, a roghnú.



Cén fhianaise is féidir a úsáid?

Ní dhéanfar measúnú ort ach ar an méid a teagascadh duit, le dhá bhliain anuas, i seomra ranga/suíomh praiticiúil nó le linn na foghlama baile.

Is féidir le do mhúinteoir réimse fianaise a roghnú, mar shampla:

- obair phortfóilió agus nó/obair chúrsa atá comhlánaithe agat cheana féin;
- tascanna measúnaithe atá déanta agat cheana féin;
- feidhmíocht in obair ranga, obair bhaile nó measúnú ar bith atá déanta le linn do staidéir, ar a n-áirítear rannpháirtíocht i ngnéithe praiticiúla faoi choinne Staidéir Gairme;
- taifid ar d'fheidhmíocht le linn do chuid staidéir; agus/nó
- marcanna/leibhéil in aonaid ábhartha a rinneadh roimh Shamhradh 2021.

Cuirfidh do scoil nó do choláiste in iúl duit cén fhianaise atá á húsáid le do ghrád a chinneadh.

Beidh beartas ag gach scoil agus coláiste maidir le Gráid a Chinneann Lárionad a leagann amach an dóigh a mbainfidh múinteoirí úsáid as fianaise le do ghrád a chinneadh. Má tá ceist agat faoin dóigh a mbainfear úsáid as an fhianaise, cuir ceist ar do mhúinteoir.



An mbronnfear gráid go cothrom cóir ar fud na scoileanna agus na gcoláistí go léir?

Tá dearbhú cáilíochta an-tábhachtach do CCEA, agus tá céimeanna glactha againn lena chinntiú go bhfuil sé seo leabaithe ag gach céim de na socruithe malartacha bronnta. Tá tacaíocht, treoir agus oiliúint shuntasach á gcur ar fáil le cur le tuiscint do mhúinteoirí ar an dóigh le breithiúnais mheasúnaithe atá comhsheasmhach, cothrom agus cruinn a dhéanamh.

Tuigeann CCEA nár chuir an phaindéim isteach ar an dóigh chéanna ar gach dalta. Tá solúbthacht curtha isteach againn sa phróiseas le cúinsí difriúla gach scoile nó coláiste a chur san áireamh. Mar shampla, dalta a bhfuil 40% den tsonraíocht clúdaithe aige agus, bunaithe ar an fhianaise atá ar fáil, a mheastar a bheith ag feidhmiú ag an leibhéal chéanna le dalta a bhfuil 70% den inneachar clúdaithe aige, ba chóir go bhfaigheadh sé an grád foriomlán céanna.

Iarrfaidh CCEA ar gach scoil nó coláiste, sampla d'fhianaise thar réimse ábhar agus leibhéal, sa dóigh go mbeidh muid in ann modhnóireacht sheachtrach a dhéanamh. Sa chás go mbraitheann muid go bhfuil míchleachtas, boige nó déine iomarcach ann, oibreoidh muid le scoileanna agus le coláistí le dul i ngleic leis na ceistanna seo.



Is iarrthóir príobháideach mé; cad é ba chóir dom a dhéanamh?

Ba chóir duit leanúint ag obair leis an scoil, an coláiste nó an lárionad scrúdaithe ar iontráil tú leo, lena chinntiú go bhfuil go leor fianaise acu le do ghrád a chinneadh.

Má tá tú á mhúineadh ag lárionad atá difriúil ón cheann ina raibh an iontráil déanta, ba chóir duit a bheith san áireamh i ngrádú an lárionaid a rinne an iontráil. Más gá, bá chóir don lárionad atá ag déanamh na hiontrála dul i gcomhairle le do lárionad teagaisc agus fianaise a chur i gcomparáid le grád aontaithe a chinneadh.

Má d'aistrigh tú le déanaí ó scoil nó coláiste amháin go dtí ceann eile, d'fhéadfadh gur mhaith le Ceann an Lárionaid reatha agat dul i gcomhairle leis an lárionad a bhí agat roimhe maidir le fianaise atá acu agus d'fhéadfadh sé é seo a chur san áireamh le do ghrád a chinneadh.



Cá huair a gheobhaidh mé mo chuid torthaí?

Eiseoidh CCEA torthaí Theastas Éifeachtachta Pearsanta Leibhéal 3, an 10 Lúnasa 2021 agus ina dhiaidh sin eiseofar torthaí na gcáilíochtaí do Staidéar Gairme, Gairmcháilíochtaí agus cáilíochtaí Leibhéal Iontrála ar 12 Lúnasa 2021.

Bainfear úsáid as raon iomlán na ngrád sa trí réimse cáilíochta go léir. Mura bhfuil go leor fianaise ar fáil le Grád a Chinneann Lárionad a bhronnadh, gheobhaidh daltaí grád de Leibhéal Gan a Bheith Bainte Amach nó grád Neamhrangaithe.



An mbeidh mé ábalta achomharc a dhéanamh maidir le mo ghrád?

Beidh CCEA ag obair le heagraíochtaí bronnta eile sna míonna amach romhainn lena chinntiú go gcuirfear próiseas achomhairc i bhfeidhm agus cuirfidh sé treoir níos mionsonraithe ar fáil in am trátha. Ós rud é nach raibh scrúduithe agus measúnuithe foirmiúla ann, ní bheidh na gnáthsheirbhísí iar-scrúduithe ar fáil an samhradh seo cosúil le rochtain ar scrípteanna, athbhreithniú ar mharcáil agus ar mhodhnóireacht.



Cad é ba chóir dom a dhéanamh anois?

Ba chóir duit leanúint ar aghaidh ag plé le do scoil nó do choláiste mar is gnách agus leanúint ort ag staidéar agus ag foghlaim le do chúrsa a chríochnú, fiú mura ndéanfar measúnú ort go foirmiúil ar na gnéithe siúd den chúrsa.



Ag Tacú le Sláinte agus Folláine Ár bhFoghlaimoirí

Beidh folláine ár bhfoghlaimoirí tábhachtach dúinn i gcónaí. Tuigeann muid na dúshláin atá romhat anois, agus ba mhaith linn oiread tacaíochta agus is féidir linn a thabhairt duit.

Molann muid duit cumarsáid a dhéanamh, go cianda agus go sábháilte, le do theaghlach, le cairde agus le múinteoirí, de réir threoir reatha na Gníomhaireachta Sláinte Poiblí.

Sa Mhol Folláine thiomnaithe ar ár suíomh gréasáin, tugtar leideanna agus comhairle is féidir lenár bhfoghlaimoirí, chomh maith lena dtuismitheoirí agus lena múinteoirí, a úsáid le fanacht sláintiúil agus aireach ag an am seo.

Gheobhaidh tú gníomhaíochtaí foghlama úsáideacha agus ábhartha ar an Mhol Folláine fosta, lena n-áirítear acmhainní CCEA, agus naisc le heagraíochtaí eile a thacaíonn le cuspóirí an churaclaim. Tá tuilleadh faisnéise ag <https://ccea.org.uk/learning-resources/wellbeing-hub>

Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar Bhronnadh Shamhradh 2021, lena n-áirítear Ceisteanna Coitianta agus Limistéar Tiomnaithe do Dhaltaí, tabhair cuairt ar www.ccea.org.uk/summer-2021.

Príomhfhiricí maidir le Socruithe Malartacha Bronnta Shamhradh 2021

- 1 Níl aon scrúduithe poiblí ann.
- 2 Úsáidfidh múinteoirí a mbreithiúnas gairmiúil le gráid a chinneadh ag úsáid réimse fianaise.
- 3 Is féidir fianaise a bheith i bhfoirmeacha iolracha e.g. obair phortfóilió, obair chúrsa, measúnuithe ranga roimhe seo, nó obair déanta sa bhaile.
- 4 Ní dhéanfar **measúnú** ar dhaltaí ach ar an méid **a teagascadh** dóibh.
- 5 Beidh Gráid a Chinneann Lárionad bunaithe ar obair an dalta.
- 6 Is féidir obair **a rinneadh sa bhaile** a bheith mar chuid den fhianaise.
- 7 Leanfar ag bronnadh **réimse iomlán na ngrád**, lena n-áirítear pasanna le gradam do Staidéar Gairme.
- 8 Tá **solúbthacht** ann do scoileanna agus do choláistí mar beidh eispéireas foghlama difriúil ag gach dalta.